

Teideal: Tasc an Bhosca Phoist

Cuspóir: Cumas na scoláirí a fhorbairt chun Ceisteanna a Chur



Is é cuspóir an tasc seo cumas na scoláirí a fhorbairt chun ceist a chur. Is den riachtanas é deiseanna a chur ar fáil do scoláirí ceisteanna a chur a thuilleann imscrúdú agus iniúchadh matamaiticiúil chun cumais na scoláirí a fhorbairt i dtaca le réasúnú, fadhb-réiteach agus machnamh a dhéanamh go criticiúil. Tugtar faoi deara nach sampla de Mheasúnú Rangbhunaithe é an tasc seo.

Tugann na Treoirí Measúnaithe don Mhatamaitic le fios gur gné thábhachtach den Imscrúdú Matamaitice é ‘an fhadhb a shainmhíniú’. Tosaíonn an próiseas nuair a chumann an scoláire an fhadhb atá le scrúdú agus nuair a mhionathraíonn sé í. Ina dhiaidh sin, caithfidh scoláirí eolas ábhartha a aithint, eolas atá riachtanach chun réiteach agus/nó modh réitigh a fháil ar an bhfadhb atá ann.

Is féidir le ceisteanna a chuirtear teacht as inneachar curaclaim nó as feiniméin ón bhfíorshaol. Is straitéis fhiúntach í spreagthaí ilmhódacha a úsáid agus a chomhtháthú amhail íomhánna, grianghraif, léaráidí, láimhseoga digiteacha, taifeadtaí físe agus / nó fuaimne chun scil chumtha fadhbanna a fhorbairt. Is beartas cruthaitheach é fadhb a chumadh agus is scil í a thógann am chun í a fhorbairt. Ba chóir do mhúinteoirí deiseanna rialta a chur ar fáil do scoláirí na hinniúlachtaí seo a fhorbairt.



Breathnaigh ar an íomhá seo agus déan do mhachnamh ar cheisteanna a thagann chugat.

**Ceisteanna Samplacha:**

Ceisteanna Samplacha (Ní liosta iomlán é seo)	
	<p>Cé acu bosca poist is mó a choinníonn litreacha? Cad iad na tuairimí ar glacadh leo?</p> <p>Cén fáth a bhfuil airde an dá bhosca poist difriúil?</p> <p>Cá mhinice a thugann fear an phoist cuairt ar na boscaí poist agus cad é a tharlaíonn do na litreacha ina dhiaidh sin?</p> <ul style="list-style-type: none"><li>• Úsáid éifeachtach acmhainní</li><li>• Oifig shórtála</li></ul>